



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Teastas Sóisearach 2016

Scéim Mharcála

Gaeilge

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntí go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítar dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon ionlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrahta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla ná malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.
2. Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.
3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.
4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.
5. Díritear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanaigh 9 & 10 den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

PÁIPÉAR 1
(150 marc)

ROINN I

AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA

40 MARC

- Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
- Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn de réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

Cuid A (16 marc)

Ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

[2 mharc x 8] = 16 mharc.

Cuid B (12 marc)

Sé mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

[2 mharc x 6] = 12 mharc.

Cuid C (12 marc)

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

[2 mharc x 6] = 12 mharc.

A + B + C = 40 marc

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíordhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid **2 mharc [- 0 / -1 / - 2]** a bhaint den ionlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

ROINN II

LÉAMHTHUISCINT

40 MARC

Ceist 1 (40 marc)

Freagair **A agus B** anseo.

A. (20 marc)

Tá **cúig** cheist, **(i) – (v)** le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist le freagairt i gcás ceisteanna **(i)**, & **(ii)**: (a) 2 + (b) 2 = **[4 mharc x 2] = 8 mharc.**

Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceisteanna **(iii), (iv) & (v)**: **[2+2] = 4 x 3 = 12 mharc**

[4 mharc x 5] = 20 marc

B. (20 marc)

Tá **cúig** cheist, **(i) – (v)** le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceisteanna **(i), (ii) & (iii)**: (a) 2 + (b) 2 = **4 x 3 = 12 mharc**

Tá freagra ceart **amháin** ar cheist **(iv)** = **4 mharc.**

Tá freagra **ceart amháin** ar cheist **(v)** = **4 mharc.**

[4 mharc x 5] = 20 marc

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíordhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid **2 mharc [- 0 / -1 / - 2]** a bhaint den ionlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

Ceist 2 (20 marc)

Freagair A **agus** B anseo.

A. (10 marc)

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
 Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
 Bronntar **dhá** mharc ar gach mír eolais atá ceart.

[2 mharc x 5] = 10 marc.

B. (10 marc)

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
 Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
 Bronntar **dhá** mharc ar gach mír eolais atá ceart.

[2 mharc x 5] = 10 marc.

A+ B. = 20 marc

Treoir: Bheifí ag súil, sa mharcáil anseo, le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don chumas Gaeilge.

Ceist 3. (50 marc)

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

Stíl: = 2 mharc

Ábhar: = 8 marc.

Gaeilge: = 40 marc.

Iomlán: 40 + 8 + 2 = 50 marc.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B agus C**.

PÁIPÉAR II
 (90 marc)

Ceist 1. (15 mharc)

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint:** 4 mharc $(2 + 2) \times 3 = 12$.

Buntuiscint:

(i) $[2 + 2] = 4 \text{ mharc}$

(ii) $[2 + 2] = 4 \text{ mharc}$

(iii) $[2 + 2] = 4 \text{ mharc}$

Léirthuiscint:

(i) dhá thréith = 2 + 2 = 4 mharc

(ii) dhá thréith = 2 + 2 = 4 mharc

(iii) dhá thréith = 2 + 2 = 4 mharc

- Gaeilge: + 3 mharc (+ 1 / + 2 / + 3)

$$\text{Iomlán} = (4 \times 3) + 3 = \underline{\underline{15 \text{ mharc}}}$$

Ceist 2. (15 mharc)

A (i) agus B (i)

Teideal an tsaothair = 1 mharc

Ainm an údair = 1 mharc

2 mharc

A (ii) agus B (ii) Ábhar: 5 mharc

Gaeilge: 8 marc

13 mharc

$$\text{A nÓ B} = 1+1+5+8 = \underline{\underline{15 \text{ mharc}}}$$

ROINN II

FILÍOCHT

30 MARC

Ceist 3. (15 mharc)

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- Tuiscant: 4 mharc (4×3) = 12 mharc.
- Gaeilge: +3 mharc (+ 1 / + 2 / + 3)

Buntuiscint:

(i) dhá rud faoin bhféileachán = 2+2 = 4 mharc

(ii) dhá cheist i dtaobh na n-ealaí = 2+2 = 4 mharc

(iii) **dhá** rud a rinne an duine leis an bhféileachán = $2+2 = 4$ mharc

Léirthuiscint:

(i) Mothúchán = 2 mharc; fáth amháin = 2 mharc ($2+2$) = **4 mharc**

(ii) Téama an dáin = 2 mharc; pointe amháin eolais = 2 mharc ($2+2$) = **4 mharc**

(iii) cosúlachtaí nó difríochtaí = dhá phointe eolais = $2 + 2 = 4$ mharc

- Gaeilge: + 3 mharc (+ 1 / + 2 / + 3)

$$\text{Iomlán} = (4 \times 3) + 3 = \underline{\underline{15 \text{ mharc}}}$$

Ceist 4. (15 mharc)

A (i) agus B (i)

Teideal an dáin = 1 mharc
Ainm an file = 1 mharc
2 mharc

A (ii) agus B (ii)

Ábhar = 5 mharc
Gaeilge = 8 marc
13 mharc

$$A \text{ nó } B : 1 + 1 + 5 + 8 = \underline{\underline{15 \text{ mharc.}}}$$

ROINN IV

LITIR A SCRÍOBH

30 MARC

Ceist 5

Tá A, B agus C ar cómharc

- Foirmí: 3 mharc F =
- Ábhar: 10 marc Á =
- Gaeilge: 17 marc G =

$$3 + 10 + 17 = \underline{\underline{30 \text{ marc.}}}$$

Treoracha maidir le dáileadh marcanna:

1. Na Foirmí Ceiliúrtha:

Seoladh: 1 mharc

Beannú: 1 mharc

Críoch: 1 mharc

2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir fén ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

3.	Eolas	Gaeilge
Na cúig thasc comhlíonta	Marc as 10	Marc as 17
Ceithre thasc comhlíonta	Marc as 8	Marc as 14
Trí thasc comhlíonta	Marc as 6	Marc as 11
Dhá thasc comhlíonta	Marc as 4	Marc as 8
Tasc amháin comhlíonta	Marc as 2	Marc as 5

4. Litreacha neamhfhoirméálata is ea A agus B. [Beannú; Críoch]

Litir fhoirméálta is ea C. [Beannú; Críoch]

OIRIÚNTAS RÉASÚNTA (MMS)

Tá roinnt leasuithe ar an scéim mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruthe speisialta, i gcás na marcála, faofa ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh. Iarrtar ort na hiarthóirí seo a mharcáil sa ghnáth shlí, de réir na scéime marcála, agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin. Ní mór na leasuithe a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí. Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin.

PÁIPÉAR 1 (S.7)

ROINN I	AN TRIAIL CHLUASTHUISCEANA	40 MARC
----------------	-----------------------------------	----------------

Treoir: Ná baintear marc ar bith anseo maidir le Gaeilge lochtach.

ROINN II	LÉAMHTHUISCINT	20 MARC
-----------------	-----------------------	----------------

Treoir: Ná baintear marc ar bith anseo maidir le Gaeilge lochtach.

ROINN IV	CEAPADÓIREACHT	50 MARC
-----------------	-----------------------	----------------

Ceist 3 (50 marc)

Ábhar: 8 marc. **Stíl:** 2 mharc. **Gaeilge:** 40 marc. $8 + 2 + 40 = 50$ marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

10 – 14: + 1. 15 – 24: + 2. 25 – 34: + 3.

35 – 36: + 4. 37, 38, 39 > 40.

PÁIPÉAR II (S.8)

ROINN I

PRÓS LITEARTHA

30 MARC

Ceist 1.

Trí cheist: **Tuiscant**: 3×4 mharc = 12 mharc

Gaeilge: 3×1 mharc = 3 mharc

Treoir: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar thuiscant.

Ceist 2.

Gaeilge: 8 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$2 - 4: + \mathbf{1}. \quad 5 - 6: + \mathbf{2}. \quad 7 > \mathbf{8}.$$

ROINN II

FILÍOCHT

30 MARC

Ceist 3.

Trí cheist: **Tuiscant**: 3×4 mharc = 12 mharc

Gaeilge: 3×1 mharc = 3 mharc

Treoir: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar thuiscant.

Ceist 4.

Gaeilge: 8 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$2 - 4: + \mathbf{1}. \quad 5 - 6: + \mathbf{2}. \quad 7 > \mathbf{8}.$$

ROINN III

LITIR A SCRÍOBH

30 MARC

Ceist 5.

Gaeilge: 17 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$4 - 7: + \mathbf{1}. \quad 8 - 11: + \mathbf{2}. \quad 12 - 14: + \mathbf{3}. \quad 15, 16 > \mathbf{17}.$$

Aguisín

Freagraí Eiseamláireacha

Páipéar I

ROINN I

CLUASTUISCINT

40 MARC

N.B. Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.

CUID A

1.

AN CHÉAD CHAINTEOIR

Conas atá sibh? Síle Ní Dhonnabháin ag caint libh. Is as Baile Bhúirne i gContae Chorcaí mé. Is feirmeoirí iad mo thuismitheoirí agus is aoibhinn liom a bheith i mo chónaí faoin tuath. Taitníonn éadaí faiseanta liom. Ghlac mé páirt i séó faisín i mo scoil féin cúpla seachtain ó shin. Ba mhaith liom siopa éadaí a bheith agam amach anseo.

Ainm	Síle Ní Dhonnabháin
Cad as do Shíle?	<ul style="list-style-type: none">○ Is as Baile Bhúirne i gContae Chorcaí di.○ Is as <u>Contae Chorcaí</u> / Corcaigh di / do Shíle.○ As Baile Bhúirne / ó Bhaile Bhúirne / Baile Bhúirne / as Contae Chorcaí / ó Chontae Chorcaí / ó Chorcaigh / Corcaigh.
Cén obair a dhéanann tuismitheoirí Shíle?	<ul style="list-style-type: none">○ Is í an obair a dhéanann tuismitheoirí Shíle ná feirmeoireacht.○ Is feirmeoirí iad a tuismitheoirí / tuismitheoirí Shíle.○ Feirmeoireacht. / Obair ar fheirm. / Oibríonn siad ar fheirm.○ Feirmeoirí. / Tá feirm acu.
Cén saghas éadaí is maith léi?	<ul style="list-style-type: none">○ Is é an saghas éadaí is maith léi ná éadaí faiseanta.○ Is maith léi / <u>le Síle</u> éadaí faiseanta.○ Taitníonn éadaí faiseanta léi / le Síle.○ Éadaí faiseanta.○ Faiseanta.
Cad ba mhaith le Síle a bheith aici amach anseo?	<ul style="list-style-type: none">○ Ba mhaith <u>le Síle</u> / léi siopa éadaí a bheith aici amach anseo.○ Siopa éadaí.○ Siopa

2.

AN DARA CAINTEOIR

Seán Ó Duibhir is ainm dom. Tugann m'athair mac na mílaoise orm mar rugadh mé sa bhliain dhá mhíle. Níl deartháir ná deirfiúr agam. Cónaím le m'athair taobh amuigh de Dhún Dealgan i gCo Lú. Tá mo mháthair ag cur fúithi i mBéal Feirste agus caithim go leor ama léi ansin i rith na laethanta saoire.

Ainm	Seán Ó Duibhir
Cén bhliain a rugadh Seán?	<input type="radio"/> Rugadh Seán sa bhliain dhá mhíle / 2000. <input type="radio"/> Sa bhliain dhá mhíle / 2000. <input type="radio"/> Dhá mhíle / 2000. <input type="radio"/> Bliain na mílaoise.
Cá bhfios dúinn gur páiste aonair é Seán?	<input type="radio"/> Is páiste aonair é mar deir Seán / sé nach bhfuil deartháir ná deirfiúr aige. <input type="radio"/> Is páiste aonair é mar níl deartháir ná deirfiúr aige. <input type="radio"/> Níl deartháir ná deirfiúr aige.
Cé leis a bhfuil Seán ina chónaí?	<input type="radio"/> Tá Seán / sé ina chónaí lena athair. <input type="radio"/> Lena athair. <input type="radio"/> A athair / Athair.
Luaigh an fáth a gcaitheann Seán go leor ama i mBéal Feirste.	<input type="radio"/> Caitheann Seán go leor ama i mBéal Feirste mar go bhfuil a mháthair ag cur fúithi ann agus i ngeall air sin caitheann sé go leor ama léi ansin i rith na laethanta saoire. <input type="radio"/> Tá a mháthair ag cur fúithi i mBéal Feirste agus [i ngeall air sin] caitheann sé go leor ama léi ansin i rith na laethanta saoire. <input type="radio"/> Tá a mháthair ag cur fúithi i mBéal Feirste. <input type="radio"/> Tá a mháthair i mBéal Feirste. <input type="radio"/> Laethanta saoire.

CUID B FÓGRA

1.

Beidh Scléip ar siúl in Amharclann Clasach Chluain Tarbh i mBaile Átha Cliath Dé Sathairn seo chugainn. Tugann Scléip deis iontach do scoláirí na nGaelscoileanna agus na nGaeltachtaí páirt a ghlaicadh i siamsáí éagsúla ar an ardán mór. Táthar ag síul leis na céadta a bheith i láthair.

(a) Cá háit a mbeidh Scléip ar siúl?

- Is í an áit a mbeidh Scléip / sí ar siúl ná in Amharclann Clasach Chluain Tarbh i mB. Á C.
- In Amharclann Clasach Chluain Tarbh i mBaile Átha Cliath.
- In Amharclann Clasach Chluain Tarbh.
- I mBaile Átha Cliath / I gCluain Tarbh.
- San Amharclann Clasach / Amharclann / Clasach.

(b) Cé hiad na scoláirí a bhfuil Scléip ag freastal orthu?

- Is iad na scoláirí a bhfuil Scléip ag freastal orthu ná scoláirí na nGaeilge agus na nGaeilteachtaí.
- Scoláirí na nGaeilge.
- Scoláirí na nGaeilteachtaí.
- Gaelscoileanna / Gaeltachtaí.

(c) Cén deis iontach a thugann Scléip do na scoláirí?

- Is í an deis a thugann Scléip / sí do na scoláirí ná páirt a ghlacadh i siamsaí éagsúla ar an ardán mór.
- Bheith ina n-aisteoirí ar ar stáitse / in amharclann.
- Bheith ar ardán.
- Siamsaíocht.

2.

PÍOSA NUACHTA

Deir Comhairle Contae Dhún na nGall go dtig le daoine dul ag snámh arís ar thrá Mhachaire Rabhartaigh. Déardaoin seo caite tháinig míol mór i dtír leis an taoide. Bhí an míol mór marbh. Bhí sé beagnach cúig mhéadar déag ar fad. Cuireadh an míol mór ar an trá.

(a) Cén uair ar tháinig an míol mór i dtír ar an trá?

- Tháinig an míol mór i dtír ar an trá Déardaoin seo caite.
- Déardaoin seo caite.
- Déardaoin.

(b) Luaigh dhá phointe eolais eile faoin míol mór.

[**Eile:** Ciallaíonn sé seo nach féidir eolas nó firic atá sa cheist nó a eascraíonn as an bhfreagra cruinn uirthi in (a) a chur san áireamh mar phointe eolais i gcás ceiste (b) anseo. Tharlódh sé, áfach, go dtabharfaí freagra a mbeadh eolas míchruinn ann ar cheist (a) inghlactha mar phointe eolais ar cheist (b). Fágann sé seo nach bhfuil aon phointe eolais ón abairt seo a leanas inghlactha mar phointe eolais ar cheist (b): Déardaoin seo caite tháinig míol mór i dtír.]

- Bhí an míol mór / sé marbh.
- Bhí sé beagnach cúig mhéadar déag ar a fhad.
- Cuireadh an míol mór / é ar an trá.
- Tháinig an míol mór / sé i dtír leis an taoide.
- Tháinig sé i dtír i Machaire Rabhartaigh.
- Bhí sé fada / Bhí sé mór / Bhí sé trom.

CUID C

1.

COMHRÁ A HAON

An Chéad Mhír

Méabh:	<i>An í sin Áine? Méabh Ní Liatháin anseo.</i>
Áine:	<i>Háigh a Mhéabh. Chuir mé téacs chugat uair a chloig ó shin.</i>
Méabh:	<i>Brón orm, a Áine, ach bhí mé gafa leis an agallamh.</i>
Áine:	<i>Cén t-agallamh a Mhéabh?</i>
Méabh:	<i>Agallamh i gcomhair post samhraidh san ollmhargadh áitiúil.</i>

(a) Cén t-agallamh a bhí ag Méabh ar maidin? [Post samhraidh + Ollmhargadh áitiúil]

- Bhí agallamh aici / ag Méabh maidir le post samhraidh san ollmhargadh áitiúil.
- Agallamh i gcomhair post samhraidh san ollmhargadh áitiúil.
- Post Samhraidh / Post.
- Ollmhargadh = 0.

An Dara Mír

Áine:	<i>Agus conas ar éirigh leat, a Mhéabh?</i>
Méabh:	<i>Fuair mé an post. Tosóidh mé i gceann coicise. Cad fút féin, a Áine?</i>
Áine:	<i>Tá árasán againn i gCannes na Fraince agus beimid ag dul ann, a Mhéabh.</i>
Méabh:	<i>Le haghaidh Fhéile na Scannán is dócha, a Áine?</i>
Áine:	<i>Ní dóigh liom é, a Mhéabh. Ligimid an t-árasán ar cíos le linn na Féile.</i>

(b) Conas ar éirigh le Méabh san agallamh?

- Fuair sí an post.
- D'éirigh go maith léi mar fuair sí an post.
- Tosóidh sí i gceann coicise.

(c) Luaigne pointe amháin eolais faoin árasán atá ag muintir Áine?

- Tá an t-árasán i gCannes na Fraince.
- Tá an t-árasán i gCannes.
- Tá an t-árasán sa bhFrainc.
- Caitheann Áine agus a muintir tamall ann.
- Beidh Áine ag dul ann amach anseo.
- Ligeann muintir Áine an t-árasán ar cíos nuair a bhíonn Féile na Scannán ar siúl i gCannes.

2.

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

Aisling:	<i>Dia dár sábháil! Goidé a tharla duit a Mhánais?</i>
Mánas:	<i>Fuair mé bearradh gruaige, a Aisling, ar mhaithe le Páistí gan Dídean.</i>
Aisling:	<i>Ní insíonn Skype bréag. Níl ribe gruaige fanta ar do cheann maol.</i>
Mánas:	<i>B'fhiú é. Bhailigh mé €2,500.</i>

(a) Cé hiad na daoine a bhfuair Mánas bearradh gruaige ar a son?

- Fuair Mánas bearradh gruaige ar son Páistí gan Dídean.
- Páistí gan Dídean
- Páistí

(b) Cé mhéad airgid a bhailigh Mánas?

- Bhailigh sé / Mánas €2,500.
- €2,500.

An Dara Mír

Aisling: *Maith thú, a Mhánais. Cá ndearnadh an bhearbóireacht?*

Mánas: *Sa Halla Pobail i gCluain Eois, a Aisling.*

Aisling: *Ach cén íobairt ar son na cúise a rinne na daoine atá maol cheana fénin, a Mhánais?*

Mánas: *Cuireadh smidiú ar a n-aghaidheanna, a Aisling.*

Aisling: *Agus péint ar a n-ingne méire agus coise, is dócha?*

Mánas: *Sea, a Aisling, agus tatúnna sealadacha fostas.*

(c) Luaigne amháin faoin íobairt a rinne na daoine a bhí maol cheana féin.

- Cuireadh smidiú ar a n-aghaidheanna.
- Cuireadh péint ar a n-ingne méire agus coise.
- Péinteáladh tatúnna sealadacha orthu.
- Péint ar a gcosa / péint ar a méire
- Smidiú / Péint / Tatúnna

Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.

Ceist 1. Freagair A agus B anseo.

A (20 marc)

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Biodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

GaelGHÁIRÍ

- Is leigheas fónta é an gáire croíúil ar chúramí an tsaoil. Déanann racht gáire maiteas dúinn. Is maith linn go léir na cairde gealgháireacha mar ní féidir linn gan gáire a dhéanamh nuair a bhímid ina gcuideachta. Sin an chúis a mbíonn tóir ar an ngreann againn, ar scéalta grinn, ar leabhair ghrinn, ar scannáin ghrinn, ar chláir ghrinn ar an teilifís agus ar an raidió, agus ar sheónna grinn a dhéanann daoine mar Dhara Ó Briain, Des Bishop, Oliver Callan agus Mario Rosenstock.
- Tá traidisiún fada geamaireachta agus grinn sa Ghaeilge. Tá an traidisiún sin le feiceáil go soiléir sna fiseáin agus sna míreanna greannmhara a bhíonn ar www.tuairisc.ie, an iris idirlín is déanaí sa Ghaeilge. Is tráthúil mar sin gur bunaíodh club nua grinn sa Ghaeilge le déanaí. GaelGHÁIRÍ an t-ainm atá air. Is iad Andy Ó Faoláin agus Eoin P. Ó Murchú a bhunaigh an club. Le linn Mhí na Nollag, 2013 a lainseáladh é. I gClub Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath a bhí GaelGHÁIRÍ lonnaithe i dtús báire ach tá siad tar éis imeacht ar camchuairt timpeall na hÉireann ó shin.
- Tá seónna déanta as Gaeilge ag GaelGHÁIRÍ i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste agus i go leor de chontaetha na tíre, Corcaigh, Ciarraí, Dún na nGall, Gaillimh agus Laois, mar shampla. Bhí baint ag GaelGHÁIRÍ leis an mír ghrinn, ‘Raidió Raiméis’, ar Raidió na Life anuraidh. Bhíodh sé le cloisteáil ar an Aoine ar an gclár *An Bricfeasta Blasta*. Is stáisiún nua é, mar dhea, Raidió Raiméis, a thugann léargas dúinn ar shaol an raidió in Éirinn. Is féidir éisteacht le Raidió Raiméis fós ar phodchraoltaí Raidió na Life.
- Ní hiad na fir ghrinn ná na mná grinn céanna a bhíonn ar an ardán gach oíche nuair a bhíonn GaelGHÁIRÍ ar an mbóthar. Nuair a bhí siad sa Róisín Dubh i nGaillimh ar an 7 Mártá, 2015, mar chuid de Sheachtain na Gaeilge, ba iad na réaltaí a bhí ar státse an oíche sin ná Kevin McAleer agus Michael Mee. Bhí togha oíche ag gach duine i gCathair na dTreabh an oíche sin.
- Tá os ciúnn tríocha duine, idir fhír agus mhhná, tar éis bheith ar státse sna seónna go léir a chuir GaelGHÁIRÍ ar siúl ar fud na tíre go dtí seo. Nuair a thug an club cuairt ar Bhéal Feirste ar an 4 Lúnasa, 2015, bhí Aideen McQueen, Martin Angolo, Seán T. Ó Mealaigh agus a chara Pato, Pádraig Breathnach, Ger Staunton agus Paddy McDonnell ar an státse in éineacht le McAleer agus Mee. Bhí scoth na hoíche ag gach aon duine.

Ceisteanna (iad ar cómharc)

(i) (a) Cén fáth ar maith linn na cairde gealgháireacha?

- Is maith linn iad mar ní féidir linn gan gháire nuair a bhímid ina gcuideachta.
- Is leigheas fónta é an gáire ar chúramí an tsaoil.

(b) Cén saghas club é GaelGHÁIRÍ?

- Is club [nua] grinn trí mheán na Gaeilge é.
- Club grinn sa Ghaeilge é.
- Club grinn.

(ii) (a) Cén uair a lainseáladh GaelGHÁIRÍ?

- Lainseáladh é le linn Mhí na Nollag, 2013.
- Le linn Mí na Nollag, 2013.
- Mí na Nollag, 2013.

(b) Cá háit i mBaile Átha Cliath a raibh an club lonnaithe i dtús báire?

- I gClub Chonradh na Gaeilge.

(iii) Luaigh dhá rud faoi Raidió Raiméis.

- Ba mhír ghrinn í.
- Mír ghrinn ar Raidió na Life.
- Mír ghrinn raidió
- Bhí sé / Raidió Raiméis le cloisteáil maidineacha Aoine, anuraidh, ar an gclár An Bricfeasta Blasta.
- Is stáisiún nua é, mar dhea, Raidió Raiméis, a thugann léargas dúinn ar shaol an raidió in Éirinn.
- Is féidir éisteacht leis na míreanna seo fós ar phodchraoltaí Raidió na Life.
- Bhí baint ag GaeilGHÁIRÍ leis.

(iv) Breac síos dhá rud faoin ócáid a bhí ag GaelGHÁIRÍ i nGaillimh.

- Bhí GaelGHÁIRÍ sa Róisín Dubh ar an 7 Mártá, 2015, mar chuid de Sheachtain na Gaeilge.
- Bhí GaelGHÁIRÍ sa Róisín Dubh.
- Bhí GaelGHÁIRÍ sa Róisín Dubh ar an 7 Mártá, 2015.
- Bhí GaelGHÁIRÍ i nGaillimh ar an 7 Mártá, 2015.
- Bhí GaelGHÁIRÍ ann ar an 7 Mártá, 2015.
- Bhí GaelGHÁIRÍ ann mar chuid de Sheachtain na Gaeilge.
- B'iad na príomhréalta grinn a bhí ar státse sa Róisín Dubh i nGaillimh ná Kevin McAleer agus Michael Mee.
- Bhí togha oíche ag gach duine sa Róisín Dubh i nGaillimh / i gCathair na dTreabh.
- Bhí scoth na hoíche ag achan duine sa Róisín Dubh.

(v) Breac síos dhá chúis a léiríonn go bhfuil ag éirí go maith le GaelGHÁIRÍ.

- Tá GaelGHÁIRÍ tar éis camchuairt a dhéanamh timpeall na hÉireann cheana féin.
- Tá seónna déanta ag GaelGHÁIRÍ ar fud fad na tíre seo.
- Tá seónna déanta ag GaelGHÁIRÍ ar fud na bhfud sa thír seo.
- Tá seónna déanta ag GaelGHÁIRÍ i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste, i gCorcaigh, i gCiarraí, i nDún na Gall, i nGaillimh agus i gContae Laoise.
- Nuair a bhíonn GaelGHÁIRÍ ar an mbóthar ní hiad na fir ghrinn ná na mná grinn céanna a bhíonn ar an ardán gach oíche..
- Go dtí seo tá os cionn tríocha duine, idir fhir agus mhná, tar éis bheith ar státse sna seónna go léir a chur GaelGHÁIRÍ ar siúl ar fud fad na tíre.
- Tá sé ag feidhmiú le os cionn dhá bhliain anois.

B (20 marc)

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Biodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

An Taobh Istigh ar An Taobh Amuigh

1. Bhí an scannán beochana, *Inside Out*, sna pictiúrlanna anuraidh. An caidreamh idir déagóirí agus a dtuismitheoirí is téama don scannán. Ba é Pete Docter, stiúrthóir an scannáin, a scríobh an scéal. Deir Docter go bhfuil Riley, príomhcharachтар an scannáin, bunaithe ar a iníon féin, Elle. Páiste gleoite ba ea Elle, í féinmhuiníneach, dea-bhéasach, círtéiseach, sona, gealgháireach. Tháinig athrú uirthi, áfach, nuair a bhain sí na déaga amach. Chaill sí muinín aisti féin agus d'éirigh sí tostach, dúr agus taghdach. Ach tháinig sí as.
2. Sa scannán, faigheann athair Riley post nua agus bogann an teaghlaigh ó Minnesota go San Francisco. Tiontaítear saol Riley bunoscionn. Athraítear na rudaí a thugann míniú cinnte dá saol; an teaghlaigh, a cairde, iompar daoine agus an haca, mar shampla. Ar nós gach duine eile, is trína cuid mothúchán a dhéanann Riley iarracht déileáil leis na hathruithe seo.
3. Cuirtear an scéal os ár gcomhair i bhfoirm meafair. Tá ceanncheathrú na mothúchán istigh i gceann Riley agus is ansin a tharlaíonn an t-aicsean ar fad. Tá cúig mhothúchán luate: Gliondar, Faitíos, Fearg, Déistin agus Brón. Déantar pearsantú orthu. Baineann a thréithe féin le gach pearsa díobh agus cónaíonn gach mothúchán ar a oiléan féin. Cuireann gach mothúchán a chomhairle féin ar Riley. Bíonn easaontas idir na mothúcháin uaireanta faoin gcaoi is fearr le saol Riley a threorú. Nuair a bhíonn easaontas ar siúl, déanann Gliondar a dhícheall an tsíocháin a choimeád. Nuair a bhíonn na mothúcháin ag obair as lámha a chéile bíonn Riley i dtiúin lena timpeallacht nua.
4. Cad a shíl na léirmheastóirí den scannán? Thaitin an téama go mór le formhór na léirmheastóirí, agus an tslí ar láimhseáil an stiúrthóir é. Dúirt na léirmheastóirí gur cuid den saol réadúil é an t-aighneas idir déagóirí agus a dtuismitheoirí. Dúirt siad freisin go gcabhráíonn scannán mar seo le tuismitheoirí a bpáistí féin a thuiscint i mblianta achraannacha na ndéaga. Tá críoch shona ar an scannán ach bhí léirmheastóirí ann a shíl go raibh an chríoch rónéata ar fad. Ba mhór an trua nár fágadh críoch an scéil gan insint, dar leo. Ar an dóigh sin, bheadh dúshlán ann don lucht féachana na críocha difriúla a oibriú amach dóibh féin.
5. Scannán taitneamhach greannmhar é *Inside Out*. Ardaítear ceisteanna ann agus tugtar freagraí ar chuid acu. Cé hí an mise ceart? Cé hé an mise ceart? Is mó mé i mise amháin. Tá mothúcháin dhifriúla againn agus cuidíonn siad linn déileáil leis an saol. Ní mór glacadh leo. Tá an fhearg agus an déistin chomh tábhachtach leis an ngliondar agus leis an mbrón. Ag fás aníos a bhíonn an duine ar feadh a shaoil. Bímid de shíor ag athrú. Is ag foghlaim na scileanna lenár mothúcháin a láimhseáil a bhímid agus ní tharlaíonn sé sin thar oíche. Sin bun agus barr an scéil.

Ceisteanna (iad ar cómharc)

(i) (a) Cén téama a phléitear sa scannán *Inside Out*?

- Is é an téama a phléitear sa scannán *Inside Out* ná an caidreamh a bhíonn idir déagóirí agus a dtuismitheoirí.

(b) Cén fáth a thiontaítear saol Riley bun os cionn?

- Faigheann athair Riley post nua agus bogann an teaghlaigh ó Minnesota go San Francisco.
- Nuair a bhogann teaghlaigh Riley ó Minnesota go San Francisco ní hann do na cinnteachtaí: teaghlaigh, cairde, iompar daoine agus haca, a thug míniú dá saol go dtí sin, ní hann dóibh a thuilleadh agus braitheann Riley cailte agus trína chéile.

(ii) (a) Cén gnó a bhíonn ag Gliondar nuair a bhíonn easaontas idir na mothúcháin?

- An tsíocháin a choimeád.

(b) Conas a chabhraíonn an scannán *Inside Out* le tuismitheoirí?

- Cabhraíonn an scannán le tuismitheoirí a thuiscint gur blianta achrannacha iad blianta na ndéaga i saol an duine.

(iii) (a) Cad a shíl cuid de na léirmheastóirí de chríoch an scannáin?

- Deir léimheastóirí áirithe nach bhfuil críoch an scéil réalaíoch mar níos minicí ná a chéile ní críoch shona a bhíonn le scéalta mar seo sa saol réadúil.
- Ba mhór an trua nár fágadh críoch an scéil gan insint. Ar an dóigh sin bheadh dúshlan ann don lucht féachana na críocha difriúla a oibriú amach dóibh féin.
- Níl dúshlan ann don lucht féachána an críoch nó na críocha difriúla a oibriú amach dóibh féin.
-

(b) Cad a fhoghlaímímid de réir mar a bhímid ag fás aníos?

- Foghlaimímid na scilleanna lenár gcuid mothúchán a láimhseáil.
- Foghlaimímid go bhfuil mothúcháin dhifriúla againn chun déileáil leis an saol.
- Foglaimímid go bhfuil tabhacht ag baint le gach mothúchán.
- Foglaimímid go bhfuil fearg agus déistin chomh tábhachtach le gliondar agus brón.
- Foglaimímid go gcaithfimid glacadh lenár mothúcháin ar fad.
- Foglaimímid gur ag fás aníos a bhíonn an duine ar feadh a shaoil.
- Bímíd de shíor ag athrú.

(iv) Cén t-alt sa sliocht thus a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?

‘Is carachtair sa scannán iad na mothúcháin difriúla.’

- **Freagra:Alt 3**

(v) Cén t-alt sa sliocht thus a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?

‘Nochtaíodh tuairimí difriúla i dtaobh an scannáin.’

- **Freagra:Alt 4**

ROINN III

TRIALACHA TEANGA COMHTHEACSÚLA

20 MAR

Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar.

Ceist 2. Freagair A agus B anseo.

A (10 marc)

Bhí rólghlacadh ar siúl sa rang. Lig Síle Ní Ghadhra uirthi gurbh ise Constance Gore-Booth. Scríobh sí an cuntas thíos ina dialann san Aimsir Láithreach. D’iarr an múinteoir uirthi ansin é a scríobh san Aimsir Chaite.

Léigh an cuntas dialainne a scríobh Síle. Ansin athscríobh i do fhreagarleabhar é agus cuir na briathra atá sa chló trom san Aimsir Chaite.

Sampla: Bhí eastát mór i gContae Shligigh ag m'athair, Henry Gore-Booth.

Constance Gore-Booth

Tá (Bhí) eastát mór i gContae Shligigh ag m'athair, Henry Gore-Booth. **Tugann (Thug)** sé lámh chúnta do na tionónáí bochta ar an eastát. **Ní chónaím (Níor chónaigh mé)** i gContae Shligigh le tamall anuas. **Is (Ba)** léir dom go raibh saol pribhléideach agam agus mé ag fás aníos. **Caithim (Chaith mé)** mórán ama agus airgid ag plé leis na cúiseanna is ansa le mo chroí, go háirithe cúis an náisiúnachais sa tir seo agus cás na sufraigéidí. **Déanann (Rinne / Dhein)** mo dheirfiúr, Eva, a dícheall freisin, í ag obair ar son na sufraigéidí ó mhaidin go hoíche, Domhnach is dálach.

B (10 marc)

Anseo thíos tá giota téacs faoin iris idirlín **Meon Eile** (www.meoneile.ie)

Athscríobh na habairtí i do fhreagarleabhar.

- Líon na bearnaí leis an bhfocal/na focail is oiriúnaí sna habairtí **2, 3, 4 agus 5** thíos.
- Aimsigh ainmfhocal **amháin sa tuiseal ginideach uatha** in abairt **6** thíos agus scríobh i do fhreagarleabhar é.



Ag cur leis an chomhrá

1. **Sampla:** Is mheán na bhfiseán a chuirtear scéalta i láthair ar an suíomh gréasáin **Meon Eile**.

(a) tríd (b) trí (c) triót

Freagra: Is **trí** mheán na bhfiseán a chuirtear scéalta i láthair ar an suíomh gréasáin **Meon Eile**.

2. Tugann an t-ardán seo ar líne léargas ar leith ar an saol i gCúige Uladh, agus níos **faide** i gcéin.
3. Tá an comhrá a bhíonn ar siúl **ag** cainteoirí Gaeilge ar líne ag dul ó neart go neart.
4. Is pobal ildánach é pobal na Gaeilge a mbíonn go leor tuairimí **difriúla** le fáil ann.
5. Tabharfaidh an suíomh seo deis do **mhuintir** na Gaeilge a bheith gníomhach sa chomhrá seo.
6. Tá foireann dhíograiseach i bhfeighil na **hirise** seo.

[**Tuiseal Ainmneach Uatha** = Iris [An Iris]

[**Tuiseal Ginideach Uatha** = Irise [i bhfeighil na hIrise]

Scrióbh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar.

Ceist 3. Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C**, anseo thíos.
(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scriobh.)

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B, C** agus **D**.

$$\left. \begin{array}{ll} \text{Stíl: } 2 \text{ mharc} & \mathbf{S \ (2) =} \\ \text{Ábhar: } 8 \text{ marc.} & \mathbf{\bar{A} \ (8) =} \\ \text{Gaeilge: } 40 \text{ marc.} & \mathbf{G \ (40) =} \end{array} \right\} \quad \underline{\text{Iomlán: } 8 + 2 + 40 = 50 \text{ marc.}}$$

A. AISTE NÓ ALT NUACHTÁIN / IRISE

Scríobh ar do rogha **ceann amháin** díobh seo:

- (i) Mar a chaith mé an deireadh seachtaine seo caite.
- (ii) Cúrsaí spóirt ar an teilifís na laethanta seo.
- (iii) Dá mbeinn i mo phríomhoide ar mo scoil féin.
- (iv) Albam ceoil a cheannaigh mé ar líne.
- (v) Éire – an tír is fearr ar domhan.

B. SCÉAL / EACHTRA

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

- (i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:
 ‘Fuist led’ thoil, a mhamaí! Fan go gcloisfidh tú mo thaobhsa den scéal’
- (ii) Eachtra a tharla dom nuair a bhí mé ag siúl sna sléibhte.

C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

- (i) Ní léiríonn daoine óga meas ceart ar sheandaoine sa lá atá inniu ann.
- (ii) Ba chóir do gach scoláire freastal ar choláiste samhraidh sa Ghaeltacht.

PÁIPÉAR II (90 marc)

ROINN I

PRÓS LITEARTHA

30 MARC

- Ceist 1. Léigh go cúramach an sliocht athchóirithe seo as an úrscéal **I Measc Vaimpírí le hOrna Ní Choileáin**. Freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis.
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **triú ceist** a roghnú as **A nő** as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. (15 mharc)

Ag Crochadh Thart le Vaimpírí na hUaimhe

- Vaimpír is ea Marius. Ón gcéad lá ar chas Ailfi, gnáthdhéagóir, agus é féin ar a chéile sa scioból ag bun ghairdín an teachín samhraidh, is ar éigean a bhí siad scartha óna chéile níos mó ná cúpla uair an chloig. Sna laethanta sin, bhí Marius ina chónaí san áiléar i dteach Ailfi. I seanfholcadán a bhíodh sé ina chodladh. Le tamall gearr anuas, áfach, tá Marius agus cúpla teaghlaigh eile ina gcónaí i seanreilíg a bhfuil uaimh ann. Is ídir shúgradh is dáiríre a bhíonn Ailfi nuair a thugann sé ‘Vaimpírí na hUaimhe’ orthu. Bhí Ailfi tar éis teacht ar an tuiscint gur vaimpírí faoi leith iad, vaimpírí na hUaimhe. Vaimpírí iad a bheadh gan dídean, b'fhéidir, mura mbeadh an áit sin acu. Vaimpírí iad a d'iarr tearmann ann nuair a thuig siad go raibh siad éagsúil le daoine eile. Ní raibh an scéal iomlán ag Ailfi ós rud é nach raibh sé de mhisneach aige dul róchóngarach don dream seo go fóill – mar céan saghas duine a bheadh ag iarraidh comhluadar a dhéanamh le Vaimpírí na hUaimhe?
- Smaoinigh Ailfi ar an gcruiinniú a bhí acu tamall roimhe sin le Stuart de Barra, an léiritheoir agus an stiúrthóir scannán cáiliúil. Bhí Stuart de Barra tógha le Marius agus thug sé cuireadh dó dul go dtí an Trasalváin chun páirt a ghlacadh i scannán uafáis. Bhí tréithe faoi leith ag Marius. Bhí cuma mhílítheach air agus cruth V ar a chuid gruaige ar a chlár éadain. Ní raibh a fhios ag mórán daoine gur vaimpír é Marius. Ba vaimpírí iad teaghlaigh agus muintir Mharius go léir. D'imigh siad ar ais go dtí an Trasalváin oiche amháin le linn an tsamhraidh agus d'fhág siad Marius bocht ina ndiaidh. Bhí áthas an domhain ar Mharius gur iarr Stuart air dul leis go dtí an Trasalváin agus bhí Ailfi sásta a sheacht ndícheall a dhéanamh chun cabhrú leis.
- ‘Tá eagla orm go mbeidh orainn an turas a chur ar ceal,’ arsa Marius os íseal lá amháin. ‘Tagann uamhain eitilte orm.’ I seomra Ailfi a bhí siad. Bhí siad le himeacht go dtí an Trasalváin faoi cheann trí lá agus bhí nithe fós le plé acu. Bhí an plean oscailte ar an ríomhaire os a gcomhair amach. Stán Ailfi ar Mharius. ‘Uamhain eitilte? Céard é sin?’ a d'fhiabhráigh sé de ghuth crosta, mífhoghneach. ‘Uamhain eitilte – faitíos roimh an eitilt,’ a d'fhreagair Marius de ghlór séimh. Phléasc Ailfi amach ag gáire. Baineadh stangadh as Marius. ‘Nílim ag magadh,’ arsa Marius. ‘Is vaimpír tú, a Mharius?’ a dúirt Ailfi. ‘Bíonn tú ag eitilt faoi sholas na gealaí gach oíche.’ ‘I gcruth ialtóige – sciathán leathair – a bhímse agus mé amuigh istoíche,’ arsa Marius. ‘Bíonn saoirse agam, agus tá radar agam ó dhúchas chun mé a threorú.’ Níor labhair ceachtar den bheirt acu ar feadh meandair. Bhris Marius an tost. ‘Eitleán!’ ar sé. ‘Is ionann é agus canna stáin. Ní fhéadfainn é a sheasamh.’
- Bhí Ailfi ag faire ar Mharius go hamhrasach. Bhí aghaidh Mharius níos mílíthí ná riabh agus gan é ach á shamhlú féin saíte in eitleán. Thuig Ailfi go raibh Marius lándáiríre. Lig sé osna as. Bhí eitilt agus lóistín curtha in áirithe acu cheana féin. Bhí conradh síntíche acu. Bhí Stuart de Barra agus lucht déanta an scannáin ag brath orthu. Bheadh air féin agus ar Mharius an fhadhb seo a réiteach. Ansin chuir Ailfi ceist eile ar Mharius go fonóideach. ‘An bhfuil aon bhob eile agat le bualadh orm inniu?’ Ní raibh sé ag súil leis an bhfreagra a fuair sé. ‘Deacracht bheag amháin eile! Mo phas – tá sé as dáta,’ arsa Marius. B'in buille na tubaiste. Bheadh air grianghraf suas chun dáta de Mharius a fháil. Grianghraf de vaimpír! B'fhusa a rá ná a dhéanamh. Thit Ailfi ina staicín ar an sac pónairí. Lig sé scread íseal as.

(Athchóiriódh an buntéacs lena chur in oiriúint don chóras measúnachta gan é a chur i gcead an údair roimh ré.)

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)

(i) Tabhair dhá phointe eolais i dtaobh na vaimpírí atá ina gcónaí sa tseanreilig. (Alt 1)

- Is iad Marius agus cúpla teaghach eile de vaimpírí atá ag cur futhu ann.
- Bhí siad ag cur fúthu in uaimh atá sa tseanreilig.
- Tugann Ailfí Vaimpírí na hUaimhe orthu.
- Is vaimpirí faoi leith iad, dar le Ailfí.
- Is vaimpírí iad a bheadh gan dídean / gan áit chónaithe murach an uaimh seo sa tseanreilig.
- Tá siad éagsúil / difriúil le daoine eile.
- Is léir gur pobal ar imeall an tsochaí iad na vaimpirí.
- Nuair a thuig na vaimpírí seo go raibh siad difriúil le daoine eile. D'iarr siad tearmann nó áit shabháilte sa tseanreilig.
- Thabharfadh an focal ‘tearmann’ le fios duit go raibh na vaimpírí seo i mbaol nó gur shíl siad go raibh siad i mbaol toisc go raibh siad éagsúil le daoine eile.
- Níor mheasc / bhain Ailfí ná daoine eile leo.
- Bhíodh siad ina gcodhladh i seánfhocadhán sula bhog siad go dtí an seanreilig.
- Caithfidh go raibh muintir na háite agus Ailfí féin amhrasach faoi na vaimpírí mar caitear drochmheas sa phíosa ar an saghas duine a bheadh ag iarraidh comhluadar a dhéanamh le Vaimpírí na hUaimhe nó níor theastaigh uaidh / uathu dul róchongórach dóibh?

(ii) Scríobh síos dhá chúis a raibh áthas an domhain ar Mharius dul go dtí an Trasalváin. (Alt 2)

- Bhí teaghach agus muintir Mharius ina gcónaí sa Trasalváin agus bhraith sé uaidh iad.
- Bhí teaghach agus muintir Mharius ina gcónaí sa Trasalváin agus bhí uaigneas air.
- Le linn an tsamhraidh ghread muintir Mharius go dtí an Trasalváin agus d'fhag siad Marius bocht ina ndiaidh. Theastaigh ó Mharius iad a leanúint.
- Thug Stuart de Barra, stiúrthóir cáiliúil scannán, cuireadh do Mharius dul go dtí an Trasalváin chun páirt a ghlacadh i scannán uafáis nuá.
- Ba bheag duine a bhí ar an eolas sa thír gur vaimpír é Marius, i ndáiríre, agus b'fhéidir gur theastaigh uaidh dul go dtí an Trasalváin sula scaipfí an t-eolas ina thaobh.

(iii) Luaigní dhá dheacrascht a bhí ag Marius maidir lena thuras go dtí an Trasalváin. (Ailt 3 & 4).

- Tagann uamhain eitilte nó faitíos roimh eitilt ar Mharius mar ní bhraitheann sé slán ná sabháilte in eitleán mar gurb ionann eitleán agus canna stáin, dar leis.
- Tá pas (taistil) reatha Mharius as dáta.
- Caithfidh Marius grianghraf de féin, ceann suas chun dáta, a fháil i gcomhair a phas. Tuigeann Marius go geruthóidh sé seo fadhb toisc nach bhfuil sé furasta griangraf de vaimpír a thógáil.

B (Léirthuiscint)

(i) Tabhair cuntas gairid ar dhá tréith a bhaineann le Marius.

Tréithe fisicúla faoi leith ag Marius:

- Bhí tréithe fisicúla faoi leith ag Marius: cuma agus dreach so-aitheanta na vampíre air – mílítheach san aghaidh agus stíl ghruaige chlasaiceach vampíre aige - an V-cruth nó Widow's Peak go soiléir i líne ard a chuid gruaige i mbarr a chlár éadain.
- Bhí Stuart de Barra, an léiritheoir agus an stiúrthóir scannán cáiliúil tógha le tréithe fisicúla Mharius ón gcéad lá a chonaic sé é mar thug sé cuireadh dó dul go dtí an Trasalváin chun páirt a ghlacadh i scannán uafáis.

Tréithe Pearsantachta Mharius:

✓ Is duine dílis é Marius

- Bhí sé dílis dá chara, Ailfi. Ón gcéad lá ar chas Ailfi agus é féin ar a chéile is ar éigean a chaith siad níos mó ná cúpla uair a chloig scartha óna chéile.
- Bhí sé dílis dá theaghach. Cé gur ghread siad leo go dtí an Trasalváin agus gur fhág siad Marius ina ndiaidh in Éirinn theastaigh ó Mharius dul go dtí an Trasalváin chun iad a fheiceáil.
- Bhí sé dílis dá dhúchas mar vaimpír agus bródúil as. Nuair a labhraíonn sé faoina chuid eitilte istoíche braithimid an dílseacht agus an bród ina ghlór. ‘Bíonn saoirse agam agus radar ó dhúchas chun mé a threorú.’ Is treise dúchas ná oiliúint fiú i gcás vaimpíre.

✓ Is duine macánta agus oscailte é Marius.

- Admhaíonn Marius do Ailfi go dtagann uamhain eitilte nó faitios roimh eitilt air mar nach mbraitheann sé sabhálte in eitleán. Deir sé gurb ionann eitleán agus canna stáin agus nach féidir leis é a sheasamh.
- Admhaíonn Marius do Ailfi go bhfuil a phas taistil as dáta.

✓ Is duine séimh é Marius.

- Nuair a léiríonn Ailfi a mhíshástacht agus a mhífhoghne le Marius i ngeall ar an ‘uamhain eitilte’ agus a phas a bheith as dáta labhraíonn Marius go séimh agus go réasúnta le hAilfi cé go mbraithfeá an síoma ina ghlór lena chara. Níor éirigh Marius feargach agus níor fhreagair sé a chara go grod.

✓ Is duine seachantach, ann féin é Marius.

- Nuair a chónaigh sé le hAilfi chónaigh sé san áiléar agus chodail sé i seanfholcadán.
- Anois cónaíonn sé in uaimh i seanreiligid i dteannta vaimpirí eile.
- Caithfidh nár mheasc Marius mórán leis an bpoball i gcoitinne mar deirtear linn sa sliocht gur bheag duine a bhí ar an eolas gur vaimpír é, i ndáiríre, sin uile in aineoinn dath mílítheach a aghaidhe agus stílghruaige shoaitheanta vaimpíre a bheith aige.

✓ Is duine ar imeall an tsochaí é Marius.

- Ia Vaimpír é.
- Chónaigh sé in uaimh i seanreiligid.
- Shíl Ailfi gur bhain Marius le poball ar an imeall ar theastaigh sídean uaidh / uathu ó am go chéile agus a lorg tearmann sa tseanreiligid nuair a shíl siad go raibh siad i mbaol ón bpobal i gcoitinne.
- Duine tréigthe atá ann ar imigh a theaghach go dtí an Trasalváin thar oíche gan é a thabhairt leo.

✓ **Is duine faiteach / eaglach / scáfar / imníoch / sceiteach / neirbhíseach é Marius.**

- Tagann uamhain eitilte nó faitíos roimh eitilt air nuair a bhíonn turas in eitleán le déanamh aige.
- Síleann sé nach bfuil in eitleán ach canna stáin agus ar an ábhar sin ní bhraitheann sé sábháilte ann.
- Is é is dóichí ná gur imní agus faitíos faoi ndeara an drogall a bhí ar Mharius a rá le hAilfí go raibh a phas as dáta. Thuig sé na deacrachtáí a bheadh ann grianghraf de fén a fháil faoi mar a thuig Ailfí. Ar nós go leor daoine a bhíonn imníoch faoi rud cuireann Marius an deacracht ar an mhéar fhada agus fágann sé réiteach na faidhbe go dtí an nóiméad deireanach.

(ii) **Tabhair cuntas gairid ar dhá tréith a bhaineann le hAilfí.**

✓ **Is duine carthannach / cuiditheach (cuidiúil) / cabhrach / cuntach é Ailfí.**

- Tugann Ailfí cead do Mharius fanacht san áiléar agus codladh i seansholchadán ina theach fén nuair a thuigeann sé nach bfuil aon áit chónaithe eile ag Marius.
- Bhí achan rud á eagrú ag Ailfí do Mharius maidir le dul go dtí an Trasalván. Bhí na pleannanna ar fad déanta amach aige ar an ríomhaire.

✓ **Is duine géarchúiseach agus ábalta é Ailfí**

- Tagann Ailfí ar an tuiscint gur vaimpírí faoi leith iad, vaimpírí na hUaimhe.
- Tagann Ailfí ar an tuiscint gur vaimpírí iad, vaimpírí na hUaimhe, a bheadh gan dídean mura mbeadh an uaimh sa tseanreilig acu.
- Tuigeann Ailfí gur vaimpírí iad a d'iarr tearmann sa tseanreilig nuair a thuig siad go raibh siad éagsúil le daoine eile.
- Tuigeann Ailfí láithreach bonn go bhfuil deacracht mhór le sárú aige nuair a insíonn Marius dó go bhfuil a phas as dáta. Caithfear grianghraf reatha de Mharius a fháil ach faoi mar a mhachnaigh Ailfí dó féin ‘Grianghraf de vaimpír! B’fhusa a rá ná a dhéanamh.’

✓ **Is duine é Ailfí a bhfuil féith an ghrinn ann**

- Tuigtear do Ailfí láithreach bonn go bhfuil ioróin agus paradacsá ann nuair a admhálann Marius go bhfuil uamhain eitilte air. Ní shamhlófa faitíos roimh eitilt ar vaimpír a chaitheann an oíche ina ialtóg ag eitilt ó áit go háit. B’ín an chúis gur phléasc sé amach ag gáire.
- Is idir shúgradh agus dáiríre a bhíonn Ailfí nuair a fhiafraíonn sé de Mharius an bhfuil aon bhob eile aige le bualadh air.
- Léiríonn Ailfí go bhfuil féith an ghrinn ann nuair a bhaist sé Vaimpírí na hUaimhe ar na vaimpírí a bhí ag cur futhu in uaimh sa tseanreilig. Baile mór i gContae na Mí is ea An Uaimh agus shílfeá gur bhain na vaimpírí seo leis an mbaile mór sin seachas le huaimh i seanreilig.

✓ **Is duine é Ailfí nach bhfuil gan locht**

- Sceitheann a **chaolaigeantacht** ar Ailfí nuair a deir sé nach raibh sé de mhisneach aige dul róchóngarach don dream seo go fóill os rud é nach raibh an scéal iomlán aige – mar céin saghas duine a bheadh ag iarraidh comhluadar a dhéanamh le Vaimpírí na hUaimhe. Is é sin an saghas meoin a bhíonn ag daoine caolaigeanta maidir le mionlaigh atá éagsúil leis an bpobal i gcoitinne.
- Sa sliocht seo den scéal léiríonn Ailfí a **mhífhoighne** le Marius maidir leis an uamhain eitilte agus a phas a bheith as dáta. Braithimid an mhífhoighne sa sliocht seo a leanas: “Cad atá i gceist agat le huamhain eitilte?” a d’fhiabraigh sé [Ailfí] dá chara de ghuth crosta, mífhoighneach. ‘Uamhain eitilte – faitíos roimh eitilt,’ a d’fhreagair Marius de ghlór séimh. Go tobann phléasc Ailfí amach ag gáire. Baineadh stangadh as Marius. ‘Nílim ag magadh, geallaim duit,’ ar sé. ‘Is vaimpír tú, a Mharius?’ a dúirt Ailfí. ‘Bíonn tú ag eitilt faoi sholas na gealaí gach oíche.’ Deirtear linn freisin go raibh Ailfí ‘clipthe, cráite ag clamhsáin agus gearáin Mharius’. Ag pointe eile ligean Ailfí osna as agus nuair a chloiseann sé faoi phas Mharius a bheith as dáta titeann sé ina staicín ar an sac pónairí agus ligean scread íseal as.

- Tá contrárachtaí i bpearsantacht Mharius. Cé go léiríonn sé tuiscint inmholtá agus comhbhbá leis na vaimpírí i gcoitinne mar mhionlach atá ar imeall an tsochaí ní thagann an tréith seo chun cinn nuair a bhíonn air aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí Mharius.

(iii) Ar thaitin an scéal seo leat? Luaign dhá fháth le do fhreagra.

✓ **Thaitin an scéal liom**

- Is maith liom scéalta agus scannáin nua-aimseartha ina mbíonn rólanna lárnacha ag vaimpírí. Ní scéalta uafás iad, na scéalta nua vaimpíreachta, a scanraíonn an t-anam asat ar nós Dracúla agus na seanscéalta uafás a bhain le vaimpírí. Go minic is scéalta iad ina mbíonn daoine óga páirteach iontu. Bíonn buanna agus laigí ag na vaimpírí. Níos minicí ná a chéile bíonn an bhéim ar an ngreann sna scéalta. Cé nach bhfuil againn anseo ach sliocht ón scéal feicimid láithreach bonn gur déagoirí iad na príomhcharachtair agus feicimid go leagtar an bhéim ar an ngreann sa scéal; vaimpír óg a bhfuil uamhain eitilte air; vaimpírí a bhfuil cónaí orthu in uaimh agus a dtugtar Vaimpírí na hUaimhe orthu; vaimpír a chodlaíonn i seanfhocadhán agus ansin turas go dtí an Trasalván chun scannán a dhéanamh. Bheadh fonn orm anois an scéal ar fad a léamh.
- Is ríleir go bhfuil téama eile sa scéal seo freisin. Seasann Marius agus na vaimpírí do mhionlach pobail atá ar imeall an tsochaí ina maireann siad. Tá siad éagsúil leis an bpobal i gcoitinne. Go minic, ar nós na vaimpírí, lorgaíonn an pobal imeallach tearmann nó áit a mbraitheann siad sabháilte ann. Níos minicí na a chéile ní thugtar cothrom na Féinne dóibh agus sáraítear a gcearta. Uaireanta eile bíonn siad scanraithe agus teitheann siad ón áit mar a rinne teaghlaigh Mharius thar oíche agus gan é a thabhairt leo. Ach bíonn duine nó daoine i ngach sochaí a chosnaíonn cearta an mhionlaigh agus a throideann ar a son. Déanann siad, mar a dhéanann Ailfi sa scéal seo, iarracht aithne a chur ar an bpobal imeallach agus eolas a chur ar a nósanna agus ar a gcultúr. Níl Ailfi ag iarraidh Marius a athrú. Ní chuireann sé iachall air codladh i ggnáth leaba ná cur faoi i ggnáth theach. Ach is í an chuid is tarraingí den scéal ar fad ná go seachnaíonn an t-údar cur chuige atá ró-dhairíre agus tromchúiseach. Is iad an greann agus an áibhéal a shabháilann an scéal seo. Taithníonn scéalta mar seo go mór liom agus bheadh fonn orm an scéal ar fad a léamh.

✓ **Níor thaitin an scéal liom**

- Tá a fhios agam nach bhfuil anseo ach giota as scéal níos faide ach ní bhfuair mé blas ar bith air mar scéal. Bunaithe ar a bhfuil anseo ní bheadh fonn dá laghad orm an scéal ar fad a léamh. Tá an bheirt charachтар atá luaite anseo, Ailfi agus Marius, leamh agus míshuimiúil. Ón gcéad lá ar chas Ailfi agus Marius ar a chéile, is ar éigean a chaith siad níos mó ná cúpla uair a chloig scartha óna chéile. Na leanáí bochta! Caithfidh nach raibh saol róshuimiúil acu go dtí sin. Sílim go bhfuil Marius agus Ailfi chomh suimiúil le Peppa, mo pheata beag muice. Agus an greann páistiúil: ag crochadh thart le vaimpírí; Vaimpírí na hUaimhe; vaimpír a bhfuil faitíos roimh eitilt air agus an tagairt don ghrianghraif! Agus cá bhfuair an t-údar an smaoineamh go mbeadh vaimpír sásta an oíche a chaitheamh i seanfhocadhán? Tá sé aiféiseach amach is amach. Is ait liom nár thug an t-údar ‘a ghaolta fola’ ar theaghlaigh Mharius. Gan fiacail a chur ann níor thaitin an scéal seo liom, beag ná mór.

A

- (i) Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna mothúchán i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1**.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go soiléir.

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin mothúchán.

nó

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin mothúchán úd agus a bhfuil faoin mothúchán céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

B

- (i) Maidir le do rogha **ceann amháin** de *na saghsanna daoine* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil *an saghas sin duine* i gceist ann.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go soiléir.

- | | | |
|------------------------|---------------------|-----------------------|
| (a) Duine sprionlaithe | (b) Duine cairdiúil | (c) Duine cabhrach |
| (d) Duine misniúil | (e) Duine glic | (f) Duine seafóideach |

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *saghas duine* atá roghnaithe agat.

Nóta: I gcás A nó B thusas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

A (i) agus B (i) Teideal an tsaothair = 1 mharc

Ainm an údair

= 1 mharc

A (ii) agus B (ii) Ábhar

= 5 mharc

Gaeilge

= 8 marc

15 mharc

$$\mathbf{A \text{ } n\acute{o} \text{ } B = 1+1+5+8 = \underline{\underline{15 \text{ mharc}}}}$$

Ceist 3. Léigh an dá dhán thíos: **Féileacán Oíche** le Pearse Hutchinson agus **Ealaí ar an Life** le Micheál Ó Ruairc. Freagair trí cinn de na ceisteanna a ghabhann leo.
 Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
 Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** nó as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. (15 mharc)

Féileacán Oíche		Ealaí ar an Life	
Díreach faoi leac na fuinneoge, ar adhmad urláir an léibhinn tháinig tú faoi sholas iarnóna		...péire ealaí bána ag snámh ar an Life i mBaile Átha Cliath	
4. ar an bhféileacán oíche – ina chodladh, mar a cheap tú. Ghlac tú go cúramach leis an gcréatúr beag álainn,		4. le déanaí. An lánúin iad?	
8. ach le foighne ná le boige níor éirigh leat a mhúscailt.		8. An mbíonn grá idir ainmhithe? Idir éin?	
Ar bheileog bhán, sa gcistin thusa staighre,		Cad faoi mhothúcháin? An mbíonn siad croíbhriste?	
12. gan focal ag cur isteach air, tá an féileacán oíche ina chodladh fós.		12. An dtéann siad seachtain gan bhia is gan chodladh na hoích'	
É donn, bán, airgead-liath, 16. órga 's beagnach chomh geal is a bhí riamh: so-ghonta, lán-bheo,		16. mar atá déanta agamsa? Ceisteanna a rith liom	
19. ag eitilt leis, ar foluain gan léibheann, gan adhmad, gan fhuinneog.		20. ar fheiceáil dom péire ealaí bána ag snámh ar an Life i mBaile Átha Cliath	
		le déanaí ...	

(Athchóiríodh na buntéacsanna lena gcur in oiriúint do chuspóirí na measúnachta gan é a chur i gcead na n-údar roimh ré.)

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)

(i) **Luaigh dhá rud faoin bhféileacán oíche sa dán Féileacán Oíche.**

- Bhí an féileacán oíche ina chodladh, 'díreach faoi leac na fuinneoge, / ar adhmad urláir an léibhinn.'
- Tá dath 'donn, bán, airgead-liath, órga' geal ar an bhféileacán oíche.
- 'Sa gcistin thusa staighre níl focal ag cur as don bhféileacán oíche. Tá saol idéalach, síochanta, neamhdha ag an bhféileacán oíche.'
- Sa saol eile, nó b'fhéidir i saol na brionglóide tá an féileacán oíche 'ag eitilt leis, ar foluain' in áit nach bhfuil aon chonstaic ina bhealach, 'san léibheann, gan adhmad, gan fhuinneog.'

(ii) Luaign dhá cheist i dtaobh na n-ealaí a rith leis an bhfile sa dán *Ealaí ar an Life*.

Cuireann an file sraith cheisteanna reitricíúla orainn. Fiafraíonn sé an bhfuil cumas braistinte nó mothaithe ag éin agus ag ainmhithe. An dtíteann siad i ngrá le chéile? Má thíteann an dtarlaíonn na rudaí céanna dóibh agus a tharlaíonn do dhaoine.

- An péire iad an ‘péire ealaí bána’ atá i ngrá lena chéile agus dílis dá chéile ar feadh a saoil? [lanúin]
- An mbíonn grá idir ainmhithe nó idir éin?
- An bhfuil ‘mothúcháin’ ag ainmhithe agus éin?
- An mbíonn ainmhithe agus éin croíbhriste?
- An dtéann ainmhithe agus éin seachtaí gan bhia nó gan chodladh na hoíche?

(iii) Luaign dhá rud a rinne an duine leis an bhféileacán oíche sa dán *Féileacán Oíche*.

- Rinne an duine iarracht an féileacán oíche a mhuscailt ach theip air.
- ‘Ghlac’ sé ‘go cúramach / leis an gcréatúr beag álainn, / ach le foighne ná le boige / níor éirigh’ leis an féileacán ‘a mhuscailt.’
- Chuir an duine an féileacán oíche ina luí ar bhileog bhán.
- D’fhág an duine an féileacán oíche ‘sa gcistin thusa staighre’ ina luí ar an mbileog bhán.

B (Léirthuiscint Ghinearálta)

(i) Cén mothúchán is láidre a mhuscail an dán *Féileacán Oíche* ionat? Luaign dhá fháth le do fhreagra.

- ✓ Comhbhá an duine leis an dúlra.
 - ✓ Cion an duine ar chréatúir an dúlra
 - ✓ Meas an duine ar chréatúir an dúlra.
 - ✓ Grá an duine do chréatúir an dúlra.
- } An mothúchán céanna atá i gceist anseo.

- Caitheann an duine go cúramach, ‘le foighne’ agus ‘le boige’, leis an bhféileacán oíche atá ina chodladh, dar leis.
- Cuireann an duine an féileacán ina luí ‘ar bhileog bhán’ san áit is ciúine sa teach ‘sa gcistin thusa staighre / gan focal ag cur isteach air.’ Sa suíomh neamhdha seo síleann an duine go soilsíonn an féileacán ‘chomh geal / agus a bhí’ sé ‘riamh’. Tá an saol seo, an saol eile nó saol na brionglóide, lasmuigh de theorainn agus constaicí saolta, ‘gan adhmad, gan fhuinneog’. Ní ag eitilt a bhíonn an féileacán oíche a thuilleadh ach ‘ar foluain’, staid bhuan gan tú, gan chríoch nach dtarlaíonn riámh do chréatúir ná do dhuine ar an saol seo.

- ✓ Grá an fhile don duine
 - ✓ Meas an fhile don duine
 - ✓ Cion an fhile don duine
- } An mothúchán céanna atá i gceist anseo

- Is léir sa dán **Féileacán Oíche** gur scríobh an file, Pearse Hutchinson, an dán seo do dhuine eile. Glacaimid leis mar sin go dtagraíonn ‘tú’ an dán do dhuine eile.
- Leagann an file béis ar chineáltais agus ar íogaireacht an duine eile: ‘Ghlac’ sé ‘go cúramach / leis an gcréatúr beag álainn, / ach le foighne ná le boige / níor éirigh’ leis é ‘a mhuscailt.’

(ii) Scríobh cuntas gairid ar théama an dáin *Ealaí ar an Life*. Is leor dhá phointe eolais.

- ✓ Is é an téama atá ag an dán seo ná an dúlra [Cén nasc nó cén ceangail atá idir an duine agus an dúlra?]
- Sa dán bhí an file ag siúl ‘le déanaí’ nuair a chonaic sé ‘péire ealaí bána / ag snámh ar an Life / i mBaile Átha Cliath. Creidtear go forleathan go bhfanann péire ealaí, le chéile ar feadh a saoil agus go mbíonn siad dílis dá chéile ar feadh an ama sin.
- Is dócha go raibh an seanchas sin in aigne an fhile an lá seo mar rith sraith cheisteanna leis ar fheiceáil an ‘péire ealaí bána’ dó. Cé chomh cosúil le daoine is atá ealaí maidir lena gcaidreamh le chéile?
- An bhfanann an péire le chéile cosúil le ‘lanúin’? An bhfuil mothúcháin mar a thuigimid ‘mothúcháin’ acu? An dtíteann siad i ngrá? An mbristear a gcroithe? An féidir leo déanamh ‘gan bhia’ agus ‘gan chodladh na hoíche’ ar feadh seachtaine? Is ceisteanna [reitriciúla] iad a fhágtaí ‘thuas san aer’ gan fhreagraí.

(iii) Luaign cosúlacht amháin nó difríocht amháin atá idir an dá dhán? Is leor dhá phointe eolais.

Cosúlachtaí

- **Pléann an dá dhán le gnéithe den dúlra.** Tá féileacán oíche i gceist sa dán *Féileacán Oíche* agus péire ealaí bána luaite sa dán *Ealaí ar an Life*.
- **Tá braistintí agus mothúcháin luaite sa dá dhán.** Sa dán *Féileacán Oíche* tagraíonn an file do chineáltais agus boige Alan sa tslí ar chaith sé leis an gcreatúr beag álainn le cúram agus le foighne. Sa dán *Ealaí ar an Life* fiafraíonn an file an mbíonn mothucháin ar nós grá agus dílseachta ag Ealaí. Fiafraíonn sé an bhfulaingíonn ealaí briseadh croí agus ocras agus oícheanta gan chodaladh i ngeall ar imní agus buaireamh.
- **Tá dathanna na gcreatúirí luaite sa dá dhán.** Sa dán ‘Féileacán Oíche’ nuair a chuir Alan an féileacán oíche ‘ar bhileog bhán / sa gcistin thusa staighre’ deir sé linn go raibh an féileacán oíche ‘donn, bán, airgead-liath,’ agus ‘órga’. Sa dán Ealaí ar an Life is ‘péire ealaí bána / ag snámh ar an Life / i mBaile Átha Cliath ‘ a chonaic sé.
- **Baineann an bheirt fhile úsáid as saorvéarsaíocht sa dá dhán.** Tóg na samplaí seo a leanas:

Díreach faoi leac na fuinneoge,
ar adhmad urláir an léibhinn
tháinig tú faoi sholas iarnóna
ar an bhféileacán oíche –
ina chodladh, mar a cheap tú.
(*Féileacán Oíche*)

.....péire ealaí bána
ag snámh ar an Life
i mBaile Átha Cliath
le déanaí.
An lánúin iad?
An mbíonn grá
idir ainmhithe?
dir éin?
(*Ealaí ar an Life*)

Stíl chomhráiteach atá in úsáid ag an mbeirt fhile sa dá dhán. Tugann sé seo saoirse do na filí. Is i ngnáthrimí na teanga labhartha atá liriciúlacht (ceol) nó easpa liriciúlachta na ndánta. Úsáidtear struchtúr (comhréir) nó ord na bhfocal sna h-abairtí chun braistintí agus míniú an dáin a chur abhaile ar an léitheoir nó ar an éisteoir.

Difríochtaí

✓ **Cinnteacht** [*Féileacán Oíche*] v. **Éiginteacht** [*Ealaí ar an Life*]

- Sá dán *Féileacán Oíche* tugann an file cuntas beacht ar an eachtra a tharla.
- Luann sé na háiteanna: ‘díreach faoi leac na fuinneoge, / ar adhmad urláir an léibhinn’ agus ‘sa gcistin thuas staighre’.
- Sa dán *Ealaí ar an Life* tá easpa cinnteachta ag rith tríd an dán ó thuis deireadh. Cá háit go díreach a chonaic sé na healaí. Is abhainn fhada í an Life agus is cathair mhór í Baile Átha Cliath.
- Ardaítar sraith cheisteanna reitriúla ansin ach fágtar iad go léir thuas san aer gan fhreagraí.

✓ **Meadrachtaí / Rithim / Leagan amach / Liricí / Friotal:**

- Cé nach bhfuil aon mheadaracht inaitheanta ar leith i gceachtar den dá dhán is liriciúla go mór é friotal an dáin *Féileacan Oíche* ná friotal *Ealaí ar an Life*.
- Tá séimhe agus ciúnas i liricí *Féileacán Oíche* agus tagann sé sin go healaíonta le téama an dáin – comhbhá an duine leis an dúlra. Ar an lámh eile de seachnaíonn an file an liriciúlacht bhog sin d'aon ghnó sa dán *Ealaí ar an Life*. Úsáideann sé friotal atá bearrtha agus comhráiteach ach arís luíonn sé seo go compórdach le téama an dáin – an mbaineann ‘mothúcháin’ le héin nó le hainmhithe?
- Braithimid go bhfuil an file sa dán *Féileacán Oíche* i dtiúin lena thimpeallacht ach motháimid sa dán *Ealaí ar an Life* go bhfuil coimhlint nó crá croí de shaghas éigin ag cur as don bhfile.

Ceist 4. Freagair **A** nó **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)

(15 mharc)

A

- (i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna **ábhair** i gceist ann is atá i do rogha ceann **amháin** den dá dhán i g**Ceist 3** thusa.

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scriobh síos go soiléir.

- (iii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin **ábhair** sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

nó

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin **ábhar** úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 3** agus a bhfuil faoin **ábhar** céanna sa dán atá ainmnithe agat.

B

- (i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha ceann **amháin** de na **mothúcháin** seo thíos i gceist ann.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scriobh síos go soiléir.

(a) Éad

(b) Díoltas

(c) Sonas

(d) Grá

(e) Bród

(f) Díomá

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair.

A (i) agus B (i)

Teideal an tsaothair	= 1 mharc	}
Ainm an údair	= 1 mharc	
A (ii) agus B (ii) Ábhar	= 5 mharc	
Gaeilge	= 8 marc	

$$\mathbf{A \text{ } n ó \text{ } B = 1+1+5+8 = 15 \text{ mharc}}$$

ROINN III	LITIR	30 MARC
------------------	--------------	----------------

5. Freagair **A n ó B n ó C** anseo thíos. (Ná gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmí:** 3 mharc
- **Ábhar:** 10 marc
- **Gaeilge:** 17 marc

$$\mathbf{3 + 10 + 17 = 30 \text{ marc.}}$$

Treoracha maidir le dáileadh marcanna:

1. **Na Foirmí Ceiliúrtha:** **Seoladh:** 1 mharc
Beannú: 1 mharc
Críoch: 1 mharc

2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

	Eolas	Gaeilge
Na cúig thasc comhlíonta	Marc as 10	Marc as 17
Ceithre thasc comhlíonta	Marc as 8	Marc as 14
Trí thasc comhlíonta	Marc as 6	Marc as 11
Dhá thasc comhlíonta	Marc as 4	Marc as 8
Tasc amháin comhlíonta	Marc as 2	Marc as 5

Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A agus B**. [Beannú; Críoch]

A

Bhí cóisir mhór ag do mhuintir le déanaí. Scríobh litir chuig do chara ag insint dó/di i dtaobh na cóisire.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin gcúis a raibh cóisir ann
- **dhá** phointe eolais i dtaobh na ndaoine a bhí i láthair ag an gcóisir
- pointe ar bith **eile** faoin gcóisir.

B

Bhí stoirm mhór i do cheantar i rith an gheimhridh. Scríobh litir chuig do chara a chónaíonn sna Stáit Aontaithe ag insint dó/di i dtaobh na stoirme.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin damáiste a rinne an stoirm
- **dhá** phointe eolais faoi mar a chabhraigh tú féin agus do chairde le muintir na háite
- pointe ar bith **eile** faoin stoirm

C

Léigh tú cuntas i do nuachtán áitiúil faoi Chomóradh Éirí Amach 1916 i do cheantar féin. Scríobh an litir a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin sin faoin gcuntas.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais a luadh sa chuntas faoin gcomóradh a n-aontaíonn tú leo
- **dhá** phointe eolais **eile** a luadh sa chuntas nach n-aontaíonn tú leo
- pointe ar bith **eile** faoin gcuntas.

